



Comhairle an  
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 15 Márta 2023  
(OR. fr)

---

---

Comhad Idirinstitiúideach:  
2022/0906(COD)

---

---

7321/1/23  
REV 1

JUR 190  
COUR 2  
INST 57  
CODEC 351

## NÓTA CLÚDAIGH

|                           |                                                                                                                                                                                |
|---------------------------|--------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| ó:                        | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir                                                                                                  |
| dáta a fuarthas:          | 14 Márta 2023                                                                                                                                                                  |
| chuig:                    | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh                                                                                                                      |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 135 final/2                                                                                                                                                          |
| Ábhar:                    | TUAIRIM ÓN gCOIMISIÚN faoin dréachtleasú ar Phrótacal Uimh. 3 ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, arna thíolacadh ag an gCúirt Breithiúnais an 30 Samhain 2022 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 135 final/2. Is é an t-aon athrú amháin i gcomparáid leis an leagan roimhe seo ná ceartúchán ar uimhir an chomhaid idirinstiúidigh (2022/0906 COD in ionad 2023/0070 COD).

---

Faoi iamh: COM(2023) 135 final/2



AN COIMISIÚN  
EORPACH

An Bhruiséil, 14.3.2023  
COM(2023) 135 final/2

2022/0906 (COD)

**CORRIGENDUM:**

Annule et remplace COM(2023)135 du 10.3.2023

Concerne toutes les versions linguistiques.

Changement d'acronyme.

**TUAIRIM ÓN gCOIMISIÚN**

**faoin dréachtleasú ar Phrótacal Uimh. 3 ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais  
Eorpaigh, arna thíolacadh ag an gCúirt Breithiúnais an 30 Samhain 2022**

## TUAIRIM ÓN gCOIMISIÚN

### faoin dréachtleasú ar Phrótacal Uimh. 3 ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, arna thíolacadh ag an gCúirt Breithiúnais an 30 Samhain 2022

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an dara mír d'Airteagal 281 de,

1. An 30 Samhain 2022, thíolaic Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh iarraidh do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoin dara mír d'Airteagal 281 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) ar Phrótacal Uimh. 3 ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (an Reacht) a leasú. Baineann an phríomhchuid den iarraidh sin le húsáid a bhaint as an deis dá bhforáiltear sa chéad fhomhír d'Airteagal 256(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh chun aistriú a dhéanamh go dlínse na Cúirte Ginearálta chun go bhféadfaidh sí ceisteanna a tarchuireadh le haghaidh réamhrialú faoi Airteagal 267 den Chonradh sin i réimsí sonracha a leagtar síos leis an Reacht a éisteacht agus a chinneadh. Chuirfí Airteagal 50b nua isteach sa Reacht chun na críche sin. Is éard atá sa dara cuid togra ina moltar an sásra a leathnú a bhaineann leis an gcinneadh an gceadófar achomharc a dhul ar aghaidh dá bhforáiltear faoi Airteagal 58a den Reacht a ndéanfaí comhdhlúthú agus ionadú air. Gabhann togra leis an dá chuid sin, togra le haghaidh leasú sonrach ar Airteagal 50 den reacht a bhaineann le comhdhéanamh dhlísheomraí na Cúirte Ginearálta.

#### **I. Breithnithe ginearálta**

2. De réir mar atá mínithe ag an Chúirt Bhreithiúnais san iarraidh uaithi agus sa mheabhrán míniúcháin a ghabhann léi, rinneadh an phríomhchuid den iarraidh sin i gcomhthéacs leathnú an athchóirithe ar chreat breithiúnais an Aontais, athchóiríú a cinneadh in 2015 agus ar dúblaíodh líon na mbreithiúna sa Chúirt Ghinearálta<sup>1</sup> dá bharr. Leagann an Chúirt Bhreithiúnais béim ar an méadú mór atá tagtha ar líon na n-iarrataí ar réamhrialú agus ar mheánfhad na n-imeachtaí. Cuireann an Chúirt Bhreithiúnais i bhfios go láidir freisin go bhfuil neartú na Cúirte Ginearálta, a bhí ina aidhm ag an athchóiriú thuasluaite, bainte amach feasta, agus go bhfuil tús curtha ag an gCúirt Ghinearálta lena modhanna oibre a oiriúnú chun feabhas a chur ar chomhleanúnachas agus ar éifeachtacht na n-imeachtaí a thagann faoina dlínse. Maidir leis an dara cuid den iarraidh, molann an Chúirt Bhreithiúnais an sásra a tugadh isteach in 2019<sup>2</sup>, a leathnú chun an cinneadh a chumhdach an gceadófar achomharc i gcoinne breithiúnas nó ordú ón gCúirt Ghinearálta a dhul ar aghaidh agus, ar thaobh amháin, boird achomhairc neamhspleácha eile de chuid chomhlachtaí, ghníomhaireachtaí nó oifigí an Aontais Eorpaigh a chur san áireamh agus, ar an taobh eile, cásanna dá dtagraítear in Airteagal 272 CFAE a bhaineann le comhlíonadh conartha ina bhfuil clásal eadrána a chur san áireamh.

<sup>1</sup> Rialachán (AE, Euratom) 2015/2422 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2015 lena leasaítear Prótacal Uimh. 3 ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (IO L 341, 24.12.2015, lch. 14).

<sup>2</sup> Rialachán (AE, Euratom) 2019/629 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Aibreán 2019 lena leasaítear Prótacal Uimh. 3 ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (IO L 111, 25.04.2019, lch. 1).

3. Is é an t-údar a thugann an Chúirt Bhreithiúnais lena hiarraidh gur gá é a bheith ar chumas an dá chúirt na cúraimí a shanntar dóibh leis na Conarthaí a chomhlíonadh mar is ceart, agus na forbairtí a bhfuil tuairisc orthu sa mhír roimhe seo á gcur san áireamh.
4. Aontaíonn an Coimisiún go hiomlán le cuspóir an athchóirithe sin.
5. Tá sé ríthábhachtach go mbeidh an Chúirt Bhreithiúnais in ann a ról mar ardchomhlacht breithiúnach an Aontais a chomhlíonadh. Chun sin a dhéanamh, ní mór an cumas a bheith aige díriú níos mó ar chásanna ina n-ardaítear saincheisteanna a bhfuil tábhacht bhunúsach leo i leith dhlíchóras an Aontais, trí na hacmhainní uile is gá a dhíriú ar láimhseáil na gcásanna sin agus, i gcás inar gá sin, tríd an idirphlé a dhoimhniú leis na cúirteanna náisiúnta, lena n-áirítear na cúirteanna céime deiridh, chun aontacht dhlíchóras an Aontais a áirithiú.
6. Thairis sin, dealraíonn sé go bhfuil sé ríthábhachtach an saineolas atá an gCúirt Ghinearálta go sonrach maidir le cásanna teicniúla casta a láimhseáil, chomh maith le hacmhainní breise na Cúirte Ghinearálta a tháinig as athchóiriú chreat breithiúnach an Aontais, a chur ar fáil go hiomlán do dhaoine aonair.
7. Ar na cúiseanna sin agus i bhfianaise an tsíormhéadaithe ar líon na n-iarrataí ar réamhrialú, nach mór a láimhseáil go tapa chun a chur ar chumas na gcúirteanna náisiúnta a ráthú go dtabharfar urraim don cheart atá ag daoine aonair leigheas éifeachtach a fháil, aontaíonn an Coimisiún leis an gCúirt Bhreithiúnais, d'ainneoin na ndeacrachtaí atá ina ndlúthchuid d'oibriocht den sórt sin, gur gá don Chúirt Bhreithiúnais agus don Chúirt Ghinearálta dlínse a roinnt le chéile ar iarrataí ar réamhrialú. Mar sin féin, leagann an Coimisiún amach thíos roinnt barúlacha maidir leis an bpríomhchuid den iarraidh a thíolaic an Chúirt Bhreithiúnais.
8. Maidir leis an dara cuid den athchóiriú agus leis an leasú sonrach ar Airteagal 50 den Reachta, níl aon bharúil ar leith le tabhairt ag an gCoimisiún agus féadann sé tuairim fhabhrach a thabhairt faoin ábhar sin.

## **II. Dlínte a aistriú chuig an gCúirt Ghinearálta maidir leis na ceisteanna a tharchuirtear chuig réamhrialú faoi Airteagal 267 CFAE a éisteacht agus a chinneadh i réimsí sonracha**

### **II.1 Réimsí sonracha a roghnú agus a shainiú**

9. Agus réimsí sonracha á roghnú aici, mhínigh an Chúirt Bhreithiúnais go raibh ceithre pharaiméadar ina dtreoir aici. Ar an gcéad dul síos, an gá atá ann na limistéir sin a bheith so-aitheanta agus indeighilte go leordhóthanach; ar an dara dul síos, gur beag saincheist phrionsabail a ardaítear leo; ar an tríú dul síos, go bhfuil corpas substaintiúil cásdlí ann cheana sa réimse; ar an gceathrú dul síos, gur leor an líon tagairtí is féidir a chur ar fáil leis an rogha chun réamhrialú a aistriú. Leis na paraiméadair sin, shainigh an Chúirt Bhreithiúnais na réimsí sonracha seo a leanas: an comhchóras cánach breisluacha; dleachtanna máil; an Cód Custaim agus rangú earraí de réir taraife san Ainmníocht Chomhcheangailte; cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí; an córas um lamháltais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil.
10. Formheasann an Coimisiún rogha na bparaiméadar a d'úsáid an Chúirt Bhreithiúnach. Dá gcuirfí pharaiméadair eile leis sin, amhail an cheist an mbeadh impleachtaí buiséadacha suntasacha leis na cásanna a bhaineann leis na réimsí sonracha, chuirfí i mbaol an aidhm gur leor an líon tagairtí chun réamhrialú a aistriú chuig an gCúirt Ghinearálta chun an Chúirt Bhreithiúnais a shaoradh agus chun a chur ar chumas na Cúirte Ghinearálta fíorchleachtas suntasach a fhorbairt. Dá bhrí sin, is díol sásaimh don Choimisiún rogha na réimsí sonracha a sainíodh. Go háirithe, tá

corpas mór cásdlí ann sna réimsí sin ar féidir leis an gCúirt Ghinearálta brath air, fiú más rud é, mar is amhlaidh i gcás gach réimse de dhlí an Aontais, go bhféadfadh athruithe reachtacha teacht ar na réimsí sin, rud arbh fhéidir go bhforbróidh an Chúirt Ghinearálta cásdlí nua dá bharr<sup>3</sup>.

11. Formheasann an Coimisiún an cur chuige atá molta ag an gCúirt Bhreithiúnais gan idirdhealú a dhéanamh idir iarrataí ar réamhrialú maidir le léirmhíniú agus maidir le bailíocht.
12. Maidir le sainiú na réimsí sonracha sin, d'fhéadfadh sé a bheith úsáideach soiléiriú breise a thabhairt ar na réimsí ina n-aistreofar dlínse ar réamhrialuithe chuig an gCúirt Ghinearálta, agus an tsolúbthacht is gá á coinneáil ar bun chun a áirithiú go saineofar na réimsí sin ar bhealach lena n-áiríteofar go leithdháilfear iad sa chaoi go gcuirfear forbairtí san *acquis* san áireamh. D'fhéadfaí an aidhm sin a bhaint amach, mar shampla, trí thuairisc a bheadh achomair ach ar leor a beachtas a chur san áireamh in aithrisí an Rialacháin atá beartaithe ar na comhpháirteanna éagsúla de gach réimse sonracha lena mbaineann, tráth a ghlacfar an t-athchóiriú.
13. Ar aon chaoi, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil an cinneadh iarraidh isteach ar réamhrialú a aistriú gan dochar d'aon chinneadh a mbeadh sé de cheangal ar an gCúirt Ghinearálta é a ghlacadh de bhun an dara fomhír d'Airteagal 256(3) CFAE agus de bhun na bhforálacha beachta ba cheart a chur isteach i Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ghinearálta ina leith sin.

## **II.2 An coinníoll go mbainfidh iarraidh ar réamhrialú 'go heisiach le ceann amháin nó níos mó de na réimsí sonracha'**

14. Molann an Chúirt Bhreithiúnais go bhfaigheadh an Chúirt Ghinearálta an dlínse iarrataí ar réamhrialú a bhaineann 'go heisiach le ceann amháin nó níos mó de na réimsí sonracha' a éisteacht agus a chinneadh, sa chaoi go bhfágfaí iarraidh ar réamhrialú a bhaineann le saincheisteanna faoi na réimsí sonracha sin agus le réimsí eile araon faoi dhlínse na Cúirte Breithiúnais.
15. Aontaíonn an Coimisiún leis an gcur chuige sin i bprionsabal. Mar sin féin, measann sé gurbh fhearr a shoiléiriú, sna haithrisí a ghabhann leis an dréacht-Rialachán dá mb'fhéidir sin, cad is brí le 'go heisiach le ceann amháin nó níos mó de na réimsí sonracha' sa chás a thagann chun cinn go rialta, ina n-áirítear in iarraidh ar réamhrialú saincheisteanna faoi léirmhíniú nó bailíocht forálacha i ngníomh de chuid an Aontais a bhaineann le ceann amháin nó níos mó de na réimsí sonracha, agus saincheisteanna faoi léirmhíniú ar fhorálacha atá sa dlí phríomha, ar phrionsabail ghinearálta dlí nóir an gCairt.
16. De réir an Choimisiúin, dá mba rud é gur gá léirmhíniú ar cé acu atá nó nach bhfuil na rialacha a bhaineann le réimsí sonracha comhsheasmhach leis an dlí príomha nó leis an dlí idirnáisiúnta i gcás iarraidh ar réamhrialú, nó fiú i gcás ina n-áirítear san iarraidh saincheist a bhaineann le gníomh dlí sonracha a bhfuil a inneachar substainteach comhionann le prionsabail ghinearálta de chuid an dlí nó na Cairte, níor cheart go gcoiscfeadh sin aistriú chuig an gCúirt Ghinearálta.
17. Ar an taobh eile, maidir le hiarraidh ar réamhrialú ina n-ardófar ceisteanna nach mbaineann iontu féin le léirmhíniú gnímh a bhaineann le ceann de na réimsí sonracha sin ach, mar shampla, le forálacha an dlí phríomha, le prionsabail ghinearálta an dlí nó leis an gCairt, ba cheart go bhfágfaí an iarraidh sin faoi dhlínse na Cúirte

<sup>3</sup> D'fhéadfadh gurbh amhlaidh sin, go háirithe, tar éis ghlacadh an Chóid Custaim nua, a chuirfear in ionad Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais, IO L 269, lch. 1.

Breithiúnais fiú má bhaineann comhthéacs dlíthiúil na bpríomhimeachtaí le ceann de na réimsí sonracha sin. Ba cheart an cur chuige céanna a leanúint i gcás inar ndearna breitheamh a tharchuir ceisteanna a thíolacadh go comhuaineach faoi léirmhíniú nó bailíocht forálacha gnímh de chuid an Aontais a bhaineann le ceann amháin nó níos mó de na réimsí sonracha agus ceisteanna ar leith a bhaineann le léirmhíniú ar fhorálacha an dlí phríomha, ar phrionsabail ghinearálta dlí nó ar an gCairt.

18. Ar deireadh, b'fhearr freisin na socruithe a shonrú a bhaineann le leithdháileadh iarrataí ar réamhrialú ina n-ardaítear go sainráite nó go hintuigthe, sa bhreis ar shaincheisteanna a bhaineann le ceann amháin nó níos mó de na réimsí sonracha, saincheisteanna faoi dhlínse na Cúirte Breithiúnais nó inghlacthacht (coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 267 CFAE agus sna Rialacha Nós Imeachta). Ní fheictear don Choimisiún go bhfuil cúiseanna láidre le gan na hiarrataí sin a aistriú chuig an gCúirt Ghinearálta, ós rud é nach mór don dá chúirt na coinníollacha maidir le dlínse na Cúirte Breithiúnais nó le hinghlacthacht iarrataí ar réamhrialú a chur i bhfeidhm as seo amach.

### **II.3 An nós imeachta maidir le haistriú**

19. Maidir leis an nós imeachta maidir le haistriú, ní fhoráiltear sa dréacht-Rialachán ach go dtíolacfar gach iarraidh ar réamhrialú chuig an gCúirt Bhreithiúnais. Déanfaidh an Chúirt Bhreithiúnais, tar éis di a fhíorú gur comhlíonadh na coinníollacha a pléadh sna míreanna roimhe seo i gcomhréir leis na rialacha mionsonraithe a leagtar amach ina Rialacha Nós Imeachta, gach iarraidh ar réamhrialú a bhaineann leis na réimsí sonracha a tharchur chuig an gCúirt Ghinearálta.
20. Níl aon rud ag an gCoimisiún i gcoinne na rialach bunúsach sa an nós imeachta maidir le haistriú.

### **II.4 Na rialacha mionsonraithe agus an nós imeachta is infheidhme maidir le láimhseáil iarrataí ar réamhrialú ón gCúirt Ghinearálta**

21. Molann an Chúirt Bhreithiúnais go n-éistfeadh an Chúirt Ghinearálta na cásanna maidir le réamhrialú a aistreofar chuici i ndlísheomraí a bheidh ainmnithe chun na críche sin, i gcomhréir leis na rialacha mionsonraithe a leagtar amach i Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ghinearálta. Molann an Chúirt Bhreithiúnais freisin go n-ainmneofar Abhcóide Ghinearálta i ngach cás, arís i gcomhréir leis na rialacha mionsonraithe a leagtar amach i Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ghinearálta, ar an tuiscint nach gciallaíonn ainmniú den sórt sin go ndéanfar Tuairim a thabhairt go córasach i ngach cás.
22. Tacaíonn an Coimisiún le Dhlísheomraí na Cúirte Ghinearálta a speisialú a thuilleadh. Tá sin níos tábhachtaí fós ós rud é go mbeidh saineolas ar rialacha mionsonraithe an nós imeachta maidir le réamhrialú, atá an-éagsúil leis na nósanna imeachta a raibh an Chúirt Ghinearálta freagrach astu go dtí seo, ag teastáil chun na cásanna a bhaineann le rialú a aistreofar chuig a láimhseáil, sa bhreis ar shaineolas sna réimsí sonracha. Measann an Coimisiún go bhféadfadh an t-athchóiriú sin deis a thabhairt don Chúirt Ghinearálta leanúint dá machnamh ar thabhairt isteach leibhéal níos ginearálta speisialtóireachta sna Dlísheomraí.
23. Thairis sin, measann an Coimisiún gur cheart don Chúirt Ghinearálta na rialacha mionsonraithe nós imeachta uile lena dtugtar an deis réamhrialú a láimhseáil go tapa a áireamh ina Rialacha Nós Imeachta, agus iad a chur i bhfeidhm go héifeachtach sa chleachtas, lena n-áirítear, go háirithe, an deis cás a chinneadh gan éisteacht nó gan Tuairim an Abhcóide Ghinearálta, nó le hordú réasúnaithe. Ina theannta sin, measann an Coimisiún gurbh iomchuí go háirithe dá nglacadh an Chúirt Ghinearálta cleachtas

lena n-áiritheofaí, i gcásanna ina dtabharfar Tuairim, go ndéanfaí í a sheachadadh go han-tapa tar éis na héisteachta, má dhéantar éisteacht, ionas nach gcuirfear moill ar phlé an cháis agus ar chinneadh na Cúirte Ginearálta.

24. Ar deireadh, maidir le hAbhcóidí Ginearálta a ainmniú, níl aon rud ag an gCoimisiún i gcoinne na forála (mar fhoráil inti féin) arna moladh ag an gCúirt Bhreithiúnais sa dréachtleasú ar an Reacht mar fhoráil inti féin. Mar sin féin, measann an Coimisiún gur cheart aird ar leith a thabhairt ar na socruithe maidir leis na hAbhcóidí Ginearálta a cheapadh, a roghnófar as measc bhreithiúna na Cúirte Ginearálta, i gcomhréir le hAirteagal 49 den Reacht. Molann an Coimisiún féachaint an bhféadfaí foráil a dhéanamh maidir le breitheamh i nDlísheomra seachas an breitheamh ar sannadh an iarraidh dó ról an Abhcóide Ghinearálta a chomhlíonadh ar feadh tréimhse áirithe, nach giorra ná trí bliana, i gcás na n-iarrataí uile ar réamhrialú a shannfar don Dlísheomra sin, nó i gcás iarrataí ar réamhrialú a bhaineann le ceann amháin nó níos mó de na réimsí sonracha.

### **III. Conclúid**

25. Tugann an Coimisiún tuairim fhabhrach faoin dréachtleasú ar Phrótacal Uimh. 3 ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, arna thíolacadh ag an gCúirt Breithiúnais an 30 Samhain 2022.